

# An Cóisir

*Nua-dhráma*

*Scríoifa ag*

*Fergus Ó Conghaile  
Gaelscoil an Chuilinn  
Baile Átha Cliath 15*

*Aisteoirí óga ó  
Naíonáin Mhóra agus Rang a 1*

# Réamhradharc

*Tá gach duine ar an stáitse.*

**Gach Duine:** Is é seo scéal ‘Na Trí Bhéar’

**Cailíní R1:** Bhí trí bhéar sa chistin lá.... (ag canadh)

**Babaí Béar:** Ah ní arís!... An scéal céanna i gcónaí... Cinnín Óir agus na trí bhéar!

**Daidí Béar:** Tá an scéal sin cloiste againn chomh minic sin!

**Gach Duine:** Tá an scéal sin cloiste againn chomh minic sin!

**Cinnín Óir:** Tá na cathaoireacha eile ró-mhór dom ach suífidh mé i gcathaoir Bhabaí Béar go dtí go dtagann gach duine ar ais.

**Gach Duine:** *(déanann gach duine fuaimeanna tuirsiúla agus srannadh)*

**Daidí Béar:** An bhfuil muid réidh don chóisir?

**Babaí Béar::** Cóisir do mo bhreithlá!! Tá mé ar bís! Tá mé ar bís!

**Muc 1:** Fuair mise cuireadh

**Gretal:** Fuair mise cuireadh

**Prionsa:** Fuair mise cuireadh

**Gach Duine:** Fuair mise cuireadh!!

**Mac Tíre:** Níor tháinig mo cuireadh sa phosta!

**Gach Duine:** *(Análú mór iontais)*

**Mac Tíre:** Bhuel bhuel bhuel... cé atá againn anseo ...? Cinnín Óir!!HMMMM....

**Muc 1:** Nach mór an tsrón atá ort a Chinnín Óir!

**Hansel:** Nach mór na cluasa atá ort a Chinnín Óir!

**Sióg:** Go sábhála Dia sin tá siad mór millteach!!

**Mamó:** Isteach anseo go beo!!

**Mac Tíre:** Ná hoscail an doras sin!!

**Cochailín Dearg:** AAhhhh Mamó CABHRAIGH LIOM!!

**Gach Duine:** AAhhhh Mamó CABHRAIGH LINN!!

# RADHARC A 1

*Nuair a osclaíonn an radharc, tá Babáí Béar: agus Mamaí Béar ag féachaint ar an teilifís. Tá físeán ar siúl. Canann an slua ‘ Bhí trí bhéar sa chistin lá... ’*

**Daidí Béar:** Aon rud maith ar an teilifís?

**Babáí Béar::** Ah níl.... An scéal céanna i gcónaí... Cinnín Óir agus na trí bhéar!

**Mamaí Béar:** Is breá linn an scéal sin!

**Daidí Béar:** Tá an scéal sin cloiste againn chomh minic sin! An bhfuil muid réidh don chóisir?

**Babáí Béar::** Cóisir do mo bhreithlá!! Tá mé ar bís! Tá mé ar bís!

*(Crochann Mamaí Béar suas roinnt maisiúchán atá le crochadh...)*

**Mamaí Béar:** Tá siad seo le crochadh... Beir air seo Daidí Béar...

**Daidí Béar:** Cinnte....Anois tá gach rud réidh!

**Babáí Béar::** Cén t-am é? An bhfuil sé in am don chóisir?

**Mamaí Béar:** Níl sé in am fós don chóisir....

**Babáí Béar::** Awwwwww.....

**Daidí Béar:** Rachaidh muid amach ag siúl! Seo linn!

*Téann siad amach ag siúl. Canann an slua... ‘Chuaigh siad amach ag siúl’*

# RADHARC A 2

*Tá cnag ar an doras agus tagann cuairteoirí chuig an chóisir*

**Mac Tíre:** Tá Cochailín Dearg anseo!!

Beidh díoltas agam!! Hí Hí Hí

*Cloistear cnag eile ar an doras.... (Cuireann an Mac Tíre glór eile air féin)*

Tar isteach!!

**Muc1/2/3:** BREITHLÁ SONA!!

**Mac Tíre:** Ó...na trí mhuca.....

**Muc 1:** Dia dhuit a Chinnín Óir !

**Muc 2:** Dia dhuit a Chinnín Óir!

**Muc 3:** Tá muid anseo don chóisir....

**Muc 1:** NACH mór an tsrón atá ort a Chinnín Óir!

**Muc 2:** Srón an- an- mhór!

**Muc 3:** Srón mhór mhillteach!

**Mac Tíre:** Ó.... ahem....Go raibh maith agaibh.....

**Muc 1:** Cá bhfuil gach duine?

**Muc 2:** Sea, cá bhfuil gach duine?

**Mac Tíre:** Istigh sa chófra sin!

**Muc 1/2/3:** ISTIGH SA CHÓFRA?!

**Mac Tíre:** Sea... is cluiche atá ann... isteach libh!

**Muc 1:** Is breá liom cluichí!

**Muc 2:** Iontach.... Ar aghaidh linn!

*Ritheann na Muca isteach sa chófra. Tagann ceol ar siúl a léiríonn go bhfuil an Mac Tíre ag cur glas ar an doras... 'Bhí na Muca i dteach na mBéar, istigh i lár na coille, chuir an Mac isteach Tíre sa chófra iad anois tá siad ar buile'*

# RADHARC A 3

*Tá cnag ar an doras agus tagann cuairteoirí chuig an chóisir. Léimeann an Mac Tíre ar ais isteach sa chathaoir...*

**Mac Tíre:** Tá Cochaillín Dearg anseo!!

Beidh díoltas agam!! Hí Hí Hí

*Cloistear cnag eile ar an doras.... (Cuireann an Mac Tíre glór eile air féin)*

Tar isteach!!

**Deirfiúr 1:** Scaoil isteach mise ar dtús!

**Deirfiúr 2:** No! Scaoil isteach mise ar dtús!!

**Cinderella:** Stopaigí den troid...

**Deirfiúr 1:** Ó dún do bhéal tusa...  
níor cheart duitse a bheith anseo ar chor ar bith

**Deirfiúr 2:** Sea... níor cheart duitse a bheith anseo in aon chor!

**Cinderella:** Féach! Tá Cinnín Óir anseo!!

**Deirfiúr 1:** Ó mo Dhia! Cinnín Óir! Whoa.... Féach ar na fiacla móra sin!!

**Deirfiúr 2:** Ó mo Dhia! Tá siad mór millteach!!

**Mac Tíre:** Ó sea... tá sé in am dul chuig an bhfiacloir!

**Deirfiúr 1:** Fiacloir..? Tréidlia b'fhéidir!

**Cinderella:** Cá bhfuil gach duine?

**Mac Tíre:** Tá siad i bhfolach sa chófra sin ag fanacht le Babaí Béar:.

**Deirfiúr 1:** Ar aghaidh linn!! Mise ar dtús...

**Deirfiúr 2:** No! Scaoil isteach mise ar dtús!!

*Téann siad ar fad isteach sa chófra. Tagann ceol ar siúl agus cuireann an Mac Tíre glas ar an doras. 'Bhí Cinderella i dteach na mBéar, istigh i lár na coille, chuir an Mac Tíre isteach sa chófra í, anois tá sí ar buile'*

**Mac Tíre:** Tá sé seo i bhfad ró-éasca!

# RADHARC A 4

*Tá cnag ar an doras agus tagann cuairteoirí chuig an chóisir. Léimeann an Mac Tíre ar ais isteach sa chathaoir...*

**Mac Tíre:** Tá Cochaillín Dearg anseo!!

*Cloistear cnag eile ar an doras.... (Cuireann an Mac Tíre glór eile air féin)*

Tar isteach!!

*(Tagann Hansel & Gretal & 3 Luch isteach sa teach)*

**Hansel:** An bealach seo... sin é isteach libh...

**Gretal:** Bí cúramach.. seachain an bord sin...

**Luch 1:** An bhfuil muid sa teach ceart?

**Luch 2:** Ní fheicim aon rud!

**Luch 3:** Mise ach an oiread....

**Mac Tíre:** Cá bhfuil Cochaillín Dearg!!

**Hansel:** Ó... Cinnín Óir tá tú anseo!

**Gretal:** Dia dhuit!

**Mac Tíre:** Ó tá fáilte romhaibh a chairde...

**Hansel:** Ó MO DHIA... nach mór na cluasa atá ort a Chinnín Óir...

**Gretal:** Cluasa móra millteacha

**Luch 1:** CLUASA? Cén cluasa?

**Luch 2:** Ní fheicimse aon chluasa?

**Luch 3:** Mise ach an oiread... cluasa?

**Hansel:** CLUASA CHINNÍN ÓIR!! Féach!!

**Luch 1/2/3:** ÓOOOooooo

**Gretal:** Cá bhfuil gach duine?

**Mac Tíre:** Tá siad i bhfolach sa chófra sin ag fanacht le Babaí Béar.

**Hansel:** Iontach... Isteach linn go beo...

**Luch 2:** Isteach linn sa chófra go beo!! An bealach seo?

**Luch 3:** Ní hea... an bealach seo...!!

**Luch 1:** An bealach seo b'fhéidir?....

**Gretal:** An bealach seo a luichíní! Tagaigí linn....

*(Cabhraíonn Hansel & Gretal leis na luichíní isteach sa chófra mór)*

*Tagann ceol ar siúl agus cuireann an Mac Tíre glas ar an doras. 'Bhí luichíní i dteach na mBéar, istigh i lár na coille, chuir Mac Tíre isteach sa chófra iad, anois tá siad ar buile'*

**Mac Tíre:** Níl mórán spáis eile sa chófra sin.... cá bhfuil Cochailín Dearg?

# RADHARC A 5

*Tá cnag ar an doras agus tagann cuairteoirí chuig an chóisir. Léimeann an Mac Tíre ar ais isteach sa chathaoir...*

**Mac Tíre:** Tá Cochaillín Dearg anseo!! Cinnte dearfach an babhta seo!!

*Cloistear cnag eile ar an doras.... (Cuireann an Mac Tíre glór eile air féin)*

Tar isteach!!

*(Tagann Sióg Báistí & Prionsa isteach...)*

**Sióg:** Lá breithe shona duit a Bhabaí.... Ó Chinnín Óir!

**Mac Tíre:** Ó no..... ní an bheirt seo!!

**Prionsa:** Cá bhfuil gach duine?

**Sióg:** An bhfuil an chóisir thart?

**Prionsa:** Ó ná habair é sin!!

**Mac Tíre:** Níl sé thart... níl sé thart.

**Sióg:** Buíochas mór le Dia...

**Prionsa:** A Chinnín Óir, a stór mo chroí, ar mhaith leat do chos a chur sa slipéar gloine seo?

**Mac Tíre:** Níor mhaith liom...

**Prionsa:** Tá mé ag lorg mo bhanphrionsa... seo duit... Ó MO DHIA... nach uafásach mór na cosa atá ort a Chinnín Óir!

**Sióg:** Go sábhála Dia sin!! Tá do chosa mór millteach!!

**Mac Tíre:** Ó stopaigí! Tabhair dom an slipéar gloine sin...

*Caitheann an Mac Tíre an slipéar isteach sa chófra....*

Isteach libh... tá Cinderella istigh ansin...

**Prionsa:** Mo shlipéar gloine!

**Sióg:** An slipéar gloine!!

**Prionsa:** Cinderella!! Tá mé ag teacht, tá mé ag teacht....



*Ritheann an Prionsa agus an Sióg isteach sa chófra... tógann an Mac Tíre maide draíochta na SIÓIGE ar an mbealach isteach di agus dúnann sé an doras.*

**Mac Tíre:** Cinnte níl mórán spáis sa chófra sin anois...

Cá bhfuil Cochaillín Dearg?

*Cloistear go leor gleo as an gcófra.*

**Mac Tíre:** HAIGH!! Céard atá ar siúl istigh ansin? Stop an torann!!

CÁ BHFUIL Cochaillín Dearg?!!!

# RADHARC A 6

*Léimeann an Mac Tíre isteach ar ais sa chathaoir...*

**Cochaillín Dearg:** (ag canadh léi féin)  
'Tá mise sna Naíonáin Mhóra, tá mise sna Naíonáin Mhóra....'

**Mac Tíre:** Faoi dheireadh!! Tá sí anseo!!

*Cloistear cnag eile ar an doras.... (Cuireann an Mac Tíre glór eile air féin)*

Tar isteach!!

**Cochaillín Dearg:** Dia dhuit a Chinnín Óir,

**Mac Tíre:** Ó Dia's Muire dhuit a Chochaillín Dearg.

**Cochaillín Dearg:** Cá bhfuil gach duine?

**Mac Tíre:** Tá an duine is tábhachtaí anseo anois.... Yum yum

**Cochaillín Dearg:** Fan nóiméad... Déan deifir Mamó!

**Mamó:** Tá mé ag teacht, tá mé ag teacht...

**Mac Tíre:** UH-OH

**Cochaillín Dearg:** Tá Cinnín Óir anseo...

**Mamó:** Ó féach ar na cluasa móra sin atá ort a Chinnín Óir,

**Cochaillín Dearg:** agus nach mór iad do chuid cos....

**Mamó:** Agus féach ar an tsrón sin!

**Mac Tíre:** Ach céard faoi mo chuid fiacla géara?

**Cochaillín Dearg & Mamó:** AAaaaahhhhhhhhhh

*(Ritheann siad go cúinne an stáitse...)*

**Mamó:** Ní tusa Cinnín Óir!

**Mac Tíre:** Is mise an Mac Tíre!

Agus tá mé ag fanacht leatsa ó mhaidin!

**Cochaillín Dearg:** Mmm mise? Cén fáth?

**Mac Tíre:** MAR TÁ OCRAS ORM!!

**Cochaillín Dearg:** AAhhhh Mamó CABHRAIGH LIOM!!

**Mamó:** Nóiméad amháin!!

*(Cloistear ceol agus tógann Mamó amach buidéal agus ólann sí braon de.  
Caitheann Mamó di cuid dá cuid éadaí agus fágtar í i gculaith Superman...)*

**Mamó:** Isteach anseo go beo!!

**Mac Tíre:** Ná hoscail an doras sin!!

*(Osclaíonn Mamó an doras... agus tagann daoine amach...)*

**Mamó:** GO BHFÓIRE DIA ORAINN!!

AN BHFUIL SIBH CEART GO LEOR??

**Sióg:** TÁ... TAR amachH GACH DUINE

**Cinnín Óir:** NÍ TUSA Cinnín Óir!!

**Mac Tíre:** BUÍOCHAS LE DIA!! Ní bheinn in ann an ghruaig uafásach  
sin a chaitheamh nóiméad amháin eile!!

**Cochaillín Dearg:** SIN É AN MAC TÍRE DÁNA!!

**Mamó:** Imigh leat a mhac Tíre!

**Mac Tíre:** Nach féidir liom fanacht don chóisir?!

**Gach Duine:** NÍ FÉIDIR!!

*Imíonn an Mac Tíre amach agus tagann na Trí Bhéar isteach...*

**Daidí Béar:** Fáilte romhaimh gach duine!!

**Babaí Béar::** Hurray....tá sé in am don chóisir!!

**Mamaí Béar:** Tá sé in am don chóisir!

**Daidí Béar:** Gheobhaigh me an cáca!

**Mamó:** Gach duine le chéile...

*‘Lá bréithe shona dhuit, lá bréithe shona dhuit....’*

**Daidí Béar:** An bhfuil tú réidh Babaí Béar:?

Ar comhaireamh a trí...  
A haon, a dó, a trí!

Séideann siad amach na coinnle agus téann na soilse as.

Nuair a thagann na soilse aníos, tagann ceol air agus ullmhú don slua .